primary developments
fóráis sa bhunscolaíocht

**FAISNÉIS DO THUISMITHEOIRÍ** **SCÓR STen**



# Céard a chiallaíonn scóir chaighdeánaithe thástála mo pháiste?

## Céard a dhéanann tástálacha caighdeánaithe a thomhas?

Déanann tástálacha i **léamh an Bhéarla** agus sa **mhatamaitic** gnóthachtáil do pháiste a thomhas, i gcomparáid le páistí eile i **ngach scoil** sa rang céanna nó sa leibhéal céanna aoise.
Déanann an tástáil chaighdeánaithe i **léamh na Gaeilge** gnóthachtáil pháiste a thomhas, i gcomparáid le páistí eile i scoileanna ina múintear trí Ghaeilge sa rang céanna nó sa leibhéal céanna aoise.

## Cathain a thugann mo pháiste faoi thástálacha caighdeánaithe?


Tugann do pháiste faoi na tástálacha caighdeánaithe i dtreo dheireadh an **2ú, an 4ú agus an 6ú rang**. Ní thugann do pháiste faoi thástáil i **léamh na Gaeilge** ach amháin má fhreastalaíonn sé/sí ar scoil ina múintear trí Ghaeilge. Roghnaíonn roinnt scoileanna chun tástálacha caighdeánaithe a úsáid le níos mó ranganna.

## An ndéanann gach páiste na tástálacha caighdeánaithe?

Déanfaidh múinteoir do pháiste cinneadh faoi na páistí a dhéanfaidh na tástálacha. Mar shampla, murab é an Béarla céadteanga do pháiste, féadfaidh an múinteoir a chinneadh nár cheart dó/di an tástáil léimh a dhéanamh i mBéarla. Féadfaidh do pháiste, áfach, an tástáil mhatamaitice a dhéanamh. Má tá do pháiste faoi mhíchumas foghlama nó fisiciúil, féadfaidh an múinteoir an cinneadh a dhéanamh chun bealach éagsúil a úsáid chun dul chun cinn do pháiste a thomhas.

## An iad na tástálacha caighdeánaithe an t-aon bhealach chun faisnéis a bhailiú faoi fhoghlaim mo pháiste?

Ní hiad. Léiríonn an léaráid thíos conas a úsáideann an múinteoir **go leor** bealaí éagsúla chun **samhail foghlama do pháiste a chruthú** le linn na bliana. Úsáideann an múinteoir an deimhniú seo chun gnóthachtáil do pháiste a **cheiliúradh** agus chun na **chéad chéimeanna** eile a theastaíonn chun cur leis an dul chun cinn a rinneadh a phleanáil.



primary developments
foráis sa bhunscolaíocht

# FAISNÉIS DO THUISMITHEOIRÍ — SCÓR STen

## Céard a chiallaíonn scóir thástála mo pháiste?

D'úsáid an múinteoir **scóir STen** le léiriú duit conas mar a d'éirigh le do pháiste sna tástálacha. Gabhann scóir STen ó 1 aníos go dtí 10. Léiríonn an tábla thíos céard a insíonn na scóir éagsúla STen duit faoi ghnóthachtáil do pháiste sna tástálacha.

| Scór STen | Céard a chiallaíonn an scór STen? | An méid páistí leis an scór seo |
|---|---|---|
| 8 - 10 | Go mór os cionn an mheáin | 1/6 nó beagnach 17% |
| 7 | Ardmheánach | 1/6 nó beagnach 17% |
| 5 - 6 | Meánach | 1/3 nó beagnach 34% |
| 4 | Ísealmheánach | 1/6 nó beagnach 17% |
| 1 - 3 | Go mór faoi bhun an mheáin | 1/6 nó beagnach 17% |

Má tá scór STen do pháiste idir 5 agus 6, cuir i gcás, beidh a fhios agat gurb ionann a f(h)eidhmíocht sa tástáil agus feidhmíocht mheánach. Léiríonn an tábla go bhfuil scóir STen sa réimse seo ag thart ar pháiste as gach triúr in Éirinn. Ina theannta sin, féadfaidh tú a thabhairt faoi deara go bhfuil scóir STen ag roinnt páistí os cionn agus faoi bhun an mheáin.

Tharlódh nach léireodh scóir le haghaidh páistí ag a bhfuil an Béarla mar theanga bhreise an dul chun cinn atá á dhéanamh i gcónaí sa seomra ranga. Ní mór go mbítear cúramach, chomh maith, nuair a bhaintear ciall as scóir i measc páistí ag a bhfuil riachtanais speisialta oideachais.

## Má tá scór mo pháiste íseal, céard a chuireann seo in iúl dom?

Tugann scór STen 1, 2 nó 3 le fios ***go bhféadfadh*** go bhfuil deacrachtaí ag do pháiste i gceann amháin de na réimsí a rinneadh a thástáil. Féadtar measúnuithe eile a úsáid lena dheimhniú an amhlaidh atá an cás. D'fhéadfadh eolas faoi fhoghlaim agus forbairt do pháiste sa bhaile bheith cabhrach don mhúinteoir freisin, e.g. obair bhaile. D'fhéadfadh múinteoirí ag scoil do pháiste a chinneadh go mbainfeadh do pháiste tairbhe as tacaíocht bhreise. Más amhlaidh a chinneann siad, labhróidh múinteoir do pháiste leat faoi seo.

## Má tá scór mo pháiste ard, céard a chuireann seo in iúl dom?

***D'fhéadfadh*** scór STen 8, 9 nó 10 a thabhairt le fios go mbaineann do pháiste ardscóir amach sa réimse a rinneadh a thástáil. Ar aon dul le scóir ísle, ní dóthain scór ard amháin leis seo a dheimhniú. Úsáidfidh múinteoir do pháiste faisnéis ó mheasúnuithe eile a dhéantar sa seomra ranga chun tuiscint níos soiléire a fháil ar a fheabhas atá ag éirí le do pháiste sa mhatamaitic, i léamh an Bhéarla nó i léamh na Gaeilge. D'fhéadfadh an múinteoir labhairt leat faoi dheiseanna breise foghlama ar féidir leat féin agus an múinteoir cur ar fáil do do pháiste.

## Cén rudaí ar féidir leo difear a dhéanamh do scór tástála mo pháiste?

Ar nós tástálacha eile a dhéanann do pháiste ar scoil, féadfaidh conas a bhraitheann sé/sí ar lá na tástála nó buairt nó bís a bheith air/uirthi faoi eachtra sa bhaile nó ar scoil difear a dhéanamh do scór ar thástáil chaighdeánaithe. Ciallaíonn seo go gcuireann gach scór tástála gnóthachtáil do pháiste **in iúl.** Cuimhnigh go bhfuil feidhm thábhachtach agat chun do pháiste a spreagadh agus chun tacú leis/léi gan aird ar na torthaí tástála. B'fhéidir gur mian leat a shocrú chun casadh le múinteoir do pháiste má bhíonn aon bhuarthaí agat faoina scóir.

## Conas is féidir liom cabhrú le mo pháiste?




D'fhorbair an NCCA roinnt acmhainní ar líne chun cabhrú leat tacú le foghlaim do pháiste sa bhunscoil. Tá fáil ar go leor díobh seo i dteangacha éagsúla agus cuirtear acmhainní nua le leathanach na dtuismitheoirí go rialta ag **www.ncca.ie/parents.** Caith súil ar na hacmhainní atá ar fáil do rang do pháiste.

**NCCA**, 24 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2 **Fón:** +353 1 661 7177 **Facs:** +353 1 661 7180 **Rphost:** info@ncca.ie **Idirlíon:** www.ncca.ie

NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment